

## **IMPORTANT END OF YEAR NOTICE TO EMPLOYERS & PENSION PROVIDERS**

### **This employer notice covers the following topics:**

1. 2018 Employer Tax Credit Certificates (P2Cs)
2. PAYE Modernisation
3. 2019 Revenue Payroll Notifications (RPNs)
4. Forms P45, P46, P30, P35 and P60 abolished
5. Commencing and ceasing employees
6. Universal Social Charge (USC)
7. USC Exemption on RPNs
8. 2019 Emergency Tax and Emergency USC rates
9. Taxation of Illness Benefit and Occupational Injury Benefit
10. Employers' Guide to PAYE
11. 2018 P35 Filing: feedback to assist filing
12. Revenue's 1890 LoCall phone system replaced by standard telephone numbers
13. National Employer Helpline
14. Further assistance

### **1. 2018 Employer Tax Credit Certificates (P2Cs)**

Revenue will cease issuing 2018 P2Cs with effect from 30 November 2018. An exception to this will be for employees/pensioners commencing employment or pension, which are notified to Revenue in December. Revenue will continue to issue P2Cs for 'December commencements' through ROS to employers/pension providers until end-December 2018.

### **2. PAYE Modernisation**

From 1 January 2019 the PAYE system, which was first introduced in 1960, is changing to 'real time'. This means that every time you pay your employees, you will report the pay and deduction details to Revenue as part of the payroll process.

Employers, agents and payroll providers will need to review their business processes and practices so they meet the new requirements. You must ensure that you:

- have registered all of your employees with Revenue,
- checked you have the correct Personal Public Service Number (PPSN) for all employees. Employers can use the PPS number checker in ROS to confirm the correct PPS number for employees or pensioners,
- operate the Revenue deduction instructions for each employee (on the P2C up to end-2018 and on the RPN from January 2019),
- have complete payroll data, which is accurate and up-to-date,
- have all required information on employee pay, including notional pay, on a timely basis and in the correct format to payroll; and
- have an active ROS digital certificate on the computer you use to run your payroll.

If you use an accountant or a payroll agent for your payroll, you must contact them to ensure that you will meet your reporting obligations.

If you use payroll software to operate your payroll, you must contact your software provider to ensure your payroll package is ready to meet the reporting obligations.

Important details on ROS preparations for 2019 are available on our website - see [Employing people / PAYE Modernisation / Getting ready](#).

### **ROS Digital Certificates**

ROS access is critical to fulfilling your obligations as an employer.

You should review your ROS digital certificates to ensure that they have not expired. ROS Administrators should log in to ROS now and if prompted to renew, should proceed with the renewal. If the ROS Administrator certificate expires, all sub-users will be suspended until a new certificate is obtained, which may take up to 5 working days. There is only one ROS Administrator certificate. To check that you are the ROS Administrator, go to the Profile tab in ROS - only the ROS Administrator may update contact details there.

ROS certificates have to be renewed every 2 years. Email reminders are issued in advance. You should make sure that your contact details are up-to-date in the ROS Profile tab so that you receive the reminders.

If any ROS certificate is copied to another computer or another user, ensure that all relevant parties are aware of any renewals or updated passwords.

You should also **review your sub-users' digital certificate permissions** to ensure that payroll staff and your software have the appropriate permissions to allow you to comply with PAYE Modernisation. Information regarding ROS certificates is available on our website - see [Online services / ROS help / ROS for employers / ROS preparations for 2019 payroll](#).

Full details regarding PAYE Modernisation and your obligations as an employer are available on our website - see 'Employing people'.

## **3. 2019 Revenue Payroll Notifications (RPNs)**

From 1 January 2019 Revenue Payroll Notifications (RPNs) are replacing P2Cs.

Payroll software will retrieve the latest RPNs from Revenue as part of the normal payroll process. If you do not use a payroll package you will be able to request your employees' RPNs through ROS.

The RPN will provide you with the necessary information to deduct the correct income tax, Universal Social Charge (USC) and Local Property Tax (LPT).

RPNs will be available from 5 December 2018.

Note: from 1 January 2019, you should no longer apply a previous year's P2C to an employee's pay. You must request the latest RPN for all employees/pensioners before you run your payroll. Where Revenue cannot provide you with an RPN, you must apply emergency tax. The revised emergency tax rates should be used.

## **4. Forms P45, P46, P30, P35 and P60 abolished**

With the introduction of real time reporting from 1 January 2019, Forms P45, P46, P30, P35 and P60 will be abolished. The 2018 P35 due to be filed in mid-February 2019 is the last P35 to be filed. The 2018 P60s are the final P60s that should be produced for your employees.

### **Employer returns**

P30s and the suite of P35 forms will not be used in the new real-time reporting system.

Revenue will issue you with a monthly statement based on your payroll submissions; by the fifth day of the following month. The monthly statement will show a summary of the total liability, and a breakdown of your liability for income tax, USC, PRSI and LPT.

The monthly statement will be deemed as your return if no amendments or corrections are made (to the underlying payroll

submissions) before the return due date (the 14th of the following month).

### **Payment due dates**

Payment due dates for employers are unchanged.

While quarterly and annual remitters will have a monthly statement issued by Revenue which becomes their monthly return, your payment due dates will remain the same.

## **5. Commencing and ceasing employees**

From 1 January 2019, the process for commencing and ceasing employees will be part of your normal payroll process. You must request an RPN for any new employees before you pay them. (The RPN request and payroll submission includes a field for commencement date.) This action will create the employment on our records and will provide you with the details required to calculate their payroll deductions.

### **First ever employment in the State**

An employee who has never worked before in the State must register with Revenue so that the correct amount of tax and USC will be deducted from his or her wages. It is an employee's responsibility to register with Revenue using myAccount (selecting 'Add Job or Pensions' in PAYE Services) if it is their first ever job in the State. You will then be able to request an RPN.

When an employee ceases their employment with you, you will input the date of leaving (cessation date) on the payroll submission. This eliminates the requirement for a P45.

**Note:** you should continue to complete the P45/P46 process in respect of employees who cease and commence employment prior to 1 January 2019.

## **6. Universal Social Charge (USC)**

As announced in Budget 2019, the rates and thresholds of the USC are changing with effect from 1 January 2019. The USC information on our website - in 'Jobs and pensions' and 'Employing people' - has been updated to take account of these changes.

## **7. USC Exemption on RPNs**

Where Revenue estimate (generally based on previous year's earnings) that the employee's/ pensioner's total annual earnings (from all USC-able sources) will not exceed the USC Exemption threshold of €13,000, the USC exemption will be stated on the RPN.

However, where it is known that an employee's/pensioner's pay for USC purposes will in fact exceed the €13,000 threshold, we ask that the payroll operator or HR Department advise the employee/pensioner to contact Revenue to have a revised RPN issued. This can be done by individuals online using myAccount (by selecting 'PAYE Services'), or by contact with his or her Revenue office. This will avoid a situation where the employee/pensioner has an under-deduction of USC at the end of the year (where the exemption is exceeded, USC becomes payable on all income).

## **8. 2019 Emergency Tax and Emergency USC rates**

The new Emergency Tax and USC rates applicable from 1 January 2019 are available on our website. You should be aware that the legal basis for applying emergency tax is updated in PAYE real-time reporting. Additional information is included on the website - see Jobs and pensions / PAYE Modernisation for employees.

## **9. Taxation of Illness Benefit and Occupational Injury Benefit**

Since 1 January 2018, Revenue incorporated the taxable element of Illness or Occupational Injury Benefit into employees'/pensioners' tax credit certificates. This had the effect of reducing employees'/pensioners' available tax credits and/or rate bands.

Employers should not have included taxable Illness Benefit with pay in payroll in 2018, and should not return Illness Benefit on their 2018 Form P35L.

Throughout 2018, when Revenue was informed by the DEASP that an employee was in receipt of an Illness Benefit payment,

we wrote to the individual to advise that this payment is a taxable source of income and that any tax due would be collected by reducing their tax credits. From 1 January 2019, Revenue will no longer issue letters to employees.

## 10. Employers' Guide to PAYE

The Employers' Guide to PAYE is available on our website. This is a comprehensive source of information on the operation of PAYE for employers.

The Guide is currently being updated to take account of changes arising from the introduction of PAYE real time reporting from 1 January 2019.

## 11. 2018 P35 Filing: feedback to assist filing

### (i) Correct PPSN

Payroll/pension departments are reminded to ensure that the correct PPSN is used for their employees/pensioners. All employers/pension providers should have a P2C with the correct PPSN for all their employees or pensioners; and that PPSN should be subsequently used in completing the 2018 P35L detail. As employers have submitted their list of employees, employer register information should match the P2Cs issued by Revenue in 2018.

Issues have arisen when, for example, an employee/pensioner changes from a 'W' number and has a new PPSN issued by DEASP and Revenue issue a new P2C under the new PPSN. The employee's/pensioner's new PPSN should be recorded on the 2018 P35L. Where an employer continues to use a cancelled or incorrect PPSN on the P35L, this will cause delay in updating the individual employee's or pensioner's pay and PRSI information to the DEASP.

Employers can use the PPS number checker in ROS to confirm the correct PPS number for employees or pensioners.

### (ii) Local Property Tax (LPT)

Employers/pension providers are reminded that they are obliged to ensure that LPT is correctly deducted where instructed to do so by Revenue, and is subsequently included on the 2018 P35L. Updated P2Cs containing instructions about LPT deductions are issued by Revenue during the year, generally based on a customer's instructions to Revenue. Accordingly, it is important that the latest P2C instruction relating to LPT deductions is used. It is particularly important to ensure that updated information about new PPSNs is used in order that the LPT deductions are correctly recorded on your employee's/pensioner's LPT payment record.

## 12. Revenue's 1890 LoCall phone system replaced by standard telephone numbers

In September 2018, Revenue launched a new telephone technology platform that facilitates phone calls using standard telephone numbers, resulting in reduced costs for customers using mobile phones.

While the 1890 service is a low-cost service for fixed line calls, mobile telecom operators do not treat it as a low-cost service or as part of 'bundled minute packages' and charge standard rates.

Revenue has implemented changes that will allow us to provide a robust and reliable telephone service like that provided by the 1890 architecture. As it uses standard phone numbers, calls will be charged based on a caller's own telephone 'bundle package'.

National Service	Phone number	Outside Ireland
National Employer Helpline	(01) 738 36 38	+ 353 1 738 36 38
PAYE queries from employees or pensioners	(01) 738 36 36	+ 353 1 738 36 36

The full list of new phone numbers replacing the 1890 numbers is available in the 'Contact us' section of our website.

## 13. National Employer Helpline

The **National Employer Helpline** provides information and support to employers. Contact details as follows:

MyEnquiries: Select 'Employers PAYE' in the 'My Enquiry Relates To' box.

## 14. Further assistance

Additional assistance is available from our website in relation to

- using ROS - see Online Services / ROS Help
- PAYE Modernisation - see Online Services / Software developers / PAYE Modernisation Technical Overview.

Furthermore, there are videos to assist employers and payroll operators in familiarising themselves with the new screens and facilities developed as part of PAYE Modernisation. The videos are interspersed through the links from the following page: Employing people / PAYE modernisation / Employer obligations from 1 January 2019.

Maura Conneely  
Planning Division  
Revenue Commissioners



Samhain 2018

## FÓGRA TÁBHACHTACH DEIREADH BLIANA D'FHOSTÓIRÍ AGUS DO SHOLÁTHRAITHE PINSIN

Clúdaíonn an fógra seo d'fhostóirí na hábhair seo a leanas:

1. Deimhnithe Creidmheasanna Cánach d'Fhostóirí (P2C) 2018
2. Nua-Aoisiú ÍMAT
3. Fógraí Párolla na gCoimisinéirí Ioncaim (FPCI) 2019
4. Díothú na bhfoirmeacha P45, P46, P30, P35 agus P60
5. Fostaithe a thosú agus a scor
6. Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU)
7. Díolúine ó MSU ar FPCI
8. Rátaí Cánach Éigeandála agus MSU Éigeandála 2019
9. Cánachas ar Shochar Breoiteachta agus Sochar Díobhála Ceirde
10. Treoir d'Fhostóirí i leith ÍMAT
11. P35 2018 a Thíolacadh: aiseolas i leith tíolactha
12. Córas nua gnáthmhreacha fóin curtha in áit an chórais 1890 ÍosGhlao de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim
13. An Líne Chabhrach Náisiúnta d'Fhostóirí
14. Cabhair bhreise

### 1. Deimhnithe Creidmheasanna Cánach d'Fhostóirí (P2C) 2018

Cuirfidh na Coimisinéirí Ioncainm deireadh le deimhnithe P2C na bliana 2018 a eisiúint ó 30 Samhain 2018. Beidh eisceacht ann d'fhostaithe/pinsinéirí atá ag tosú poist nó pinsin, agus a chuireann na Coimisinéirí Ioncainm ar an eolas faoi seo i Mí na Nollaig. Leanfaidh na Coimisinéirí Ioncainm le heisiúint deimhnithe P2C dóibh siúd a thosnaíonn i Mí na Nollaig, trí ROS go dtí deireadh mhí na Nollaig 2018.

## 2. Nua-Aoisíú ÍMAT

Ó 1 Eanáir 2019, beidh an córas ÍMAT, a tugadh isteach den chéad uair in 1960, ag athrú go córas 'fíor-ama'. Ciallaíonn sé seo nach mór duit, gach uair a íocann tú d'fhostaithe, na sonraí pá agus na asbhaintí a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncainm mar chuid den phróiseas párolla.

Is gá d'fhostóirí, gníomhairí agus soláthraithe párolla athbhreithniú a dhéanamh ar a bpróisis ghnó agus ar a gcleachtais ionas go gcomhlíonann siad na riachtanais nua. Ní mór duit an méid seo a leanas a chinntiú:

- gur chláraigh tú gach fostaí leat leis na Coimisinéirí Ioncainm
- gur sheiceáil tú go bhfuil an Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) cheart agat le haghaidh gach fostaí. Féadann fostaí an seiceálaí uimhreacha PSP in ROS a úsáid chun an uimhir PSP cheart a chinntiú le haghaidh fostaíthe nó pinsinéirí.
- go gcuireann tú treoracha na gCoimisinéirí Ioncainm i leith asbhaintí i bhfeidhm do gach fostaí (ar an P2C go dtí deireadh 2018 agus ar an FPCI ó Eanáir 2019)
- go bhfuil sonraí párolla iomlána agat, atá cruinn agus cothrom le dáta
- go bhfuil an fhaisnéis uile i ndáil le pá fostaíthe, pá barúlach san áireamh, ar bhonn tráthúil agus san fhoráid cheart do lucht párolla; agus
- go bhfuil deimhniú digiteach ROS ar an ríomhaire a úsáideann tú chun do phárolla a rith.

Má úsáideann tú cuntasóir nó gníomhaire párolla le haghaidh do phárolla, ní mór duit teagmháil a dhéanamh leo le cinntiú go gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas tuairiscithe.

Má úsáideann tú bogearraí párolla chun do phárolla a oibriú, ní mór duit teagmháil a dhéanamh le do sholáthraí bogearraí le cinntiú go bhfuil do phacáiste párolla réidh leis na dualgais tuairiscithe a chomhlíonadh.

Tá sonraí tábhachtacha ar ullmhúcháin ROS le haghaidh 2019 ar fáil ar ár suíomh idirlín - féach ar Daoine a fhostú / Nua-Aoisíú ÍMAT / Ag ullmhú.

### **Deimhnithe Digiteacha ROS**

Tá sé lárnach do do chuid dualgas a chomhlíonadh mar fhostóir go mbeidh teacht agat ar ROS.

Ba chóir duit athbhreithniú a dhéanamh ar do dheimhnithe digiteacha ROS le cinntiú nach bhfuil siad imithe in éag. Ba chóir do Riarthóirí ROS logáil isteach ar ROS anois agus, má fhaightear meabhrúchán chun athnuachan a dhéanamh, ba chóir leanúint ar aghaidh leis an athnuachan a dhéanamh. Má théann an deimhniú i leith Riarthóirí ROS in éag, beidh gach uile fho-úsáideoir curtha ar fionraí go dtí go bhfaightear deimhniú nua, agus d'fhéadfadh sé go mbeidh suas le 5 lá oibre i gceist leis seo. Níl ann ach an t-aon deimhniú amháin do Riarthóirí ROS. Le seiceáil gur tusa an Riarthóirí ROS, téigh chuig an gcluaisín Próifíl in ROS - ní fhéadann ach an Riarthóirí ROS sonraí teagmhála a thabhairt cothrom le dáta ansin.

Ní mór deimhnithe ROS a athnuachan gach dara bliain. Eisítear meabhrúcháin ríomhphoist roimh ré. Ba chóir a chinntiú go bhfuil do shonraí teagmhála cothrom le dáta ar an gcluaisín Próifíl in ROS ionas go bhfaighidh tú na meabhrúcháin.

Má chóipeáiltear aon deimhniú chuig ríomhaire eile nó chuig úsáideoir eile, cinntigh go bhfuil na páirtithe cuí uile ar an eolas faoi aon athnuachan nó pasfhocail nuashonraithe.

Ba chóir chomh maith **athbhreithniú a dhéanamh ar cheadanna na bhfo-úsáideoirí deimhnithe digiteacha** le cinntiú go bhfuil na cheadanna cuí ag d'fhoireann párolla agus ag do bhogearra chun ligean duit cloí leis an Nua-Aoisíú ÍMAT. Tá eolas faoi dheimhnithe ROS ar fáil ar ár suíomh idirlín - féach Seirbhísí ar Líne / Cabhair ROS / ROS d'Fhostóirí / Ullmhúcháin ROS do phárolla 2019.

Tá na sonraí uile faoin Nua-Aoisíú ÍMAT agus faoi do chuid dualgas mar fhostóir ar fáil ar ár suíomh idirlín - féach 'Daoine a fhostú'.

### 3. Fógraí Párolla na gCoimisinéirí Ioncaim (FPCI) 2019

Ó 1 Eanáir 2019, tiocfaidh Fógraí Párolla na gCoimisinéirí Ioncaim (FPCI) in áit na ndeimhnihe P2C.

Gheobhaidh an bogearra párolla na FPCI is déanaí ó na Coimisinéirí Ioncaim mar chuid den ghnáthphróiseas párolla. Mura n-úsáideann tú pacáiste párolla féadtar FPCI d'fhostaithe a iarraidh trí ROS.

Leis an FPCI, beidh an t-eolas riachtanach agat chun na suimeanna cearta cánach ioncaim, Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU) agus Cáin Maoine Áitiúil (CMÁ) a asbhaint.

Beidh FPCI ar fáil ó 5 Nollaig 2018 ar aghaidh.

Tabhair do d'aire: ó 1 Eanáir 2019, níor chóir sonraí ó dheimhniú P2C ó bhliain roimhe a chur i bhfeidhm ar phá fostaí. Ní mór an FPCI is déanaí a iarraidh i leith gach fostaí/pinsinéir sula ritheann tú do bhabhta párolla. Sa chás nach bhféadann na Coimisinéirí Ioncaim FPCI a chur ar fáil duit, ní mór cáin éigeandála a chur i bhfeidhm. Ba chóir na rátaí cánach éigeandála athbhreithnithe a úsáid.

### 4. Díothú na bhfoirmeacha P45, P46, P30, P35 agus P60

Leis an tuairiscíú fíor-ama á thabhairt isteach ó 1 Eanáir 2019, cuirfear deireadh le foirmeacha P45, P46, P30, P35 agus P60. An P35 deiridh a thíolacfar ná an P35 i leith 2018 atá le tíolacadh i lár mhí Feabhra 2019. Is iad na foirmeacha P60 deiridh atá le cruthú le haghaidh d'fhostaithe ná foirmeacha P60 na bliana 2018.

#### ***Tuairisceáin fostóra***

Ní úsáidfeair foirmeacha P30 ná an tsraith foirmeacha P35 sa chóras nua tuairiscithe fíor-ama.

Faoin gcúigiú lá den mhí ina dhiaidh, eiseoidh na Coimisinéirí Ioncaim ráiteas míosúil chugat bunaithe ar do thíolacthaí párolla. Léireofar duit sa ráiteas míosúil achoimre den dliteanas iomlán, chomh maith le briseadh síos ar do dhliteanas le haghaidh cáin ioncaim, MSU, ÁSPC agus CMÁ.

Measfar an ráiteas míosúil a bheith ina thuairisceán mura ndéantar leasuithe ná ceartúcháin (ar na buntíolacthaí párolla) roimh dháta dlite an tuairisceáin (an 14ú den mhí ina dhiaidh sin).

#### ***Dáta dlite íocaíochta***

Níl na dátaí dlite íocaíochta ag athrú d'fhostóirí.

Cé go n-eiseoidh na Coimisinéirí Ioncaim ráiteas míosúil chuig íocóirí ráithiúla agus bliantúla, rud a thiocfaidh de bheith ina thuairisceán míosúil dóibh, beidh na dátaí dlite íocaíochta fós mar an gcéanna.

### 5. Fostaithe a thosú agus a scor

Ó 1 Eanáir 2019, beidh an próiseas chun fostaithe a thosú agus a scor mar chuid de do ghnáthphróiseas párolla. Ní mór FPCI a iarraidh le haghaidh gach fostaí nua sula n-íocann tú iad. (Tá réimse i ngach iarratas FPCI agus tíolacadh párolla chun dáta tosaithe a chur isteach.) Cruthóidh sé seo fostaíocht ar ár dtaifid agus cuirfidh muid na sonraí ar fáil duit a theastaíonn chun a n-asbhaintí párolla a ríomh.

#### ***An chéad fostaíocht riamh sa Stát***

Ní mór d'fhostaí nár oibrigh sa Stát riamh clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim ionas go ndéanfar na suimeanna cearta cánach agus MSU a asbhaint óna bpá. Is é an fostaí atá freagrach as clárú leis na Coimisinéirí Ioncaim trí úsáid a bhaint as moChúrsaí (roghnaigh 'Poist agus Pinsin') más an chéad post sa Stát acu atá i gceist. Beidh tú in ann FPCI a iarraidh ansin.

Nuair a scoireann fostaí a bhfostaíocht leat, cuirfidh tú an dáta fágála isteach (dáta scoir) ar an tíolacadh párolla. Níl gá le P45 mar gheall air seo.

**Tabhair do d'aire:** ba chóir leanúint den phróiseas P45/P46 a chomhlánú i ndáil le fostaithe a scoireann agus a thosaíonn fostaíocht roimh 1 Eanáir 2019.

### 6. Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU)

Mar a fógraíodh i mBuiséad 2019, tá athruithe ag teacht ar rátaí agus ar thairseacha MSU le héifeacht ó 1 Eanáir 2019. Tá an t-eolas ar ár suíomh idirlín maidir leis an MSU tugtha cothrom le dáta chun na hathruithe seo a chur san áireamh - féach 'Poist agus Pinsin' agus 'Daoine a Fhostú'.

## 7. Díolúine ó MSU ar FPCI

Sa chás go gceapann na Coimisinéirí loncaim (bunaithe go hiondúil ar thuillimh ó bhliain roimhe) nach mbeidh iomlán na dtuilleamh bliantúil ag fostaí/pinsinéir (ó gach foinse faoi réir MSU) níos mó ná an tairseach €13,000 le haghaidh Díolúine ó MSU, sonrúfar an Díolúine ó MSU ar an FPCI.

Sa chás, áfach, gurb eol go mbeidh pá an fhostaí/an phinsinéara chun críocha MSU níos mó ná an tairseach €13,000, iarrfaidh muid ar lucht párolla nó ar an Rannóg Acmhainní Daonna an fostaí/pinsinéir a chur ar an eolas gur chóir dóibh teagmháil a dhéanamh leis na gCoimisinéirí loncaim chun go n-eiseofaí FPCI athbhreithnithe chucu. Féadfaidh daoine aonair é seo a dhéanamh ar líne ag baint úsáid as moChúrsaí (roghnaigh 'Seirbhísí ÍMAT') nó trí theagmháil a dhéanamh lena n-oifig áitiúil de chuid na gCoimisinéirí loncaim. Seachnóidh sé seo an cás go bhfuil gann-asbhaint MSU déanta i leith fostaí/pinsinéir ag deireadh na bliana (nuair a sháraítear an díolúine, éiríonn MSU de bheith iníoctha ar gach uile ioncam).

## 8. Rátaí Cánach Éigeandála agus MSU Éigeandála 2019

Beidh na rátaí nua Cánach Éigeandála agus MSU Éigeandála a bheidh i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2019 ar fáil ar ár suíomh idirlín. Ba chóir a bheith ar an eolas go bhfuil bonn nuashonraithe dlí i gceist le cáin éigeandála a ghearradh faoin tuairisciú fíor-ama ÍMAT. Tá eolas breise ar fáil ar an suíomh idirlín - féach Poist agus pinsin / Nua-Aoisíú ÍMAT d'fhostaithe.

## 9. Cánachas ar Shochar Breoiteachta agus Sochar Díobhála Ceirde

Ó 1 Eanáir 2018 ar aghaidh, chuir na Coimisinéirí loncaim an tsuim incháinite den Shochar Breoiteachta nó den Sochar Díobhála Ceirde san áireamh i ndeimhnithe creidmheasanna cánach fostaithe agus pinsinéirí. An toradh a bhí air seo ná gur laghdaíodh na creidmheasanna cánach agus na bandaí ráta araon atá ar fáil d'fhostaithe agus pinsinéirí.

Níor chóir d'fhostóirí Sochar Breoiteachta incháinite a chur san áireamh le pá i bpárolla in 2018, agus níor chóir ach oiread Sochar Breoiteachta a thuairisciú ar a bhFoirm P35L i leith 2018.

I rith 2018, nuair a chuireadh na Coimisinéirí loncaim in iúl don Roinnt Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS) go raibh fostaí ag fáil íocaíocht Sochair Breoiteachta, scríobhadh muid chuig an duine aonair lena chur in iúl dóibh go raibh an íocaíocht seo ina foinse incháinite ioncaim agus go mbaileofaí aon cháin dhlite trína gcreidmheasanna cánach a laghdú. Ó 1 Eanáir 2019 ar aghaidh, ní bheidh na Coimisinéirí loncaim ag eisiúint litreacha chuig fostaithe.

## 10. Treoir d'Fhostóirí i leith ÍMAT

Tá an Treoir d'Fhostaithe i leith ÍMAT ('Employers' Guide to PAYE') ar fáil ar ár suíomh idirlín. Foinse chuimsitheach eolais is ea seo d'fhostóirí ar oibriú an chórais ÍMAT.

Tá an Treoir seo á thabhairt cothrom le dáta chun athruithe a chur san áireamh ó thabhairt isteach an tuairiscithe fíor-ama ÍMAT ó 1 Eanáir 2019 ar aghaidh.

## 11. P35 2018 a Thíolacadh: aiseolas i leith tíolactha

### (i) UPSP ceart

Meabhraítear do rannóga párolla/pinsin a chinntiú go n-úsáidtear an UPSP ceart dá bhfostaithe/pinsinéirí. Ba chóir P2C leis an UPSP ceart i leith gach fostaí agus pinsinéir a bheith ag gach fostóir/soláthraí pinsin; agus ba chóir an UPSP sin a úsáid dá éis agus sonraí an P35L i leith 2018 á gcomhlánú. Toisc go bhfuil a liosta fostaithe tíolactha ag gach fostóir, ba chóir go dtiocfadh faisnéis an chláir fostóirí leis na deimhnithe P2C a d'eisigh na Coimisinéirí loncaim in 2018.

Tá deacrachtaí tar éis teacht aníos, mar shampla, nuair a athraíonn fostaí/pinsinéir ó uimhir 'W' agus UPSP eisithe ag an RGFCS agus nuair a eisiúnn na Coimisinéirí loncaim P2C nua faoin UPSP nua. Ba chóir UPSP nua an fhostaí/an phinsinéara a thaifeadadh ar an P35L i leith 2018. Nuair a leanann fostóir le UPSP cealaithe nó mícheart a úsáid ar an P35L, cuirfidh sé seo moill ar fhaisnéis a thabhairt cothrom le dáta don RGFCS i leith pá agus ÁSPC fostaí nó pinsinéara aonair.

Féadann fostóirí an seiceálaí uimhreacha PSP in ROS a úsáid chun an uimhir PSP cheart a chinntiú le haghaidh fostaithe nó pinsinéirí.



## (ii) Cáin Maoine Áitiúil (CMÁ)

Meabhraítear d'fhostóirí/soláthraithe pinsin go bhfuil dualgas orthu a chinntiú go n-asbhaintear an CMÁ mar is ceart sa chás go dtugann na Coimisinéirí loncaim an treoir sin, agus go gcuirtear é sin san áireamh dá éis ar an P35L i leith 2018. Le linn na bliana, eisíonn na Coimisinéirí loncaim deimhnithe P2C atá tugtha cothrom le dáta agus teoracha orthu maidir le hasbhaintí CMÁ, agus bunaítear iad go hiondúil ar threoracha custaiméara chuig na Coimisinéirí loncaim. Tá sé tábhachtach, dá réir, go n-úsáidtear an treoir P2C is deireanaí maidir le hasbhaintí CMÁ. Tá sé tábhachtach, go háirithe, a chinntiú go n-úsáidtear eolas atá tugtha cothrom le dáta maidir le uimhreacha PSP nua ionas go ndéantar taifeadadh ceart maidir le hasbhaintí CMÁ ar thaifead íocaíochtaí CMÁ d'fhostaí/an phinsinéara.

## 12. Córas nua gnáthuumhreacha fóin curtha in áit an chórais 1890 ÍosGhlao de chuid na gCoimisinéirí loncaim

I mí Mheán Fómhair 2018, sheol na Coimisinéirí loncaim ardán nua teicneolaíochta fóin trína n-éascaítear glaonna fóin chuig uimhreacha caighdeánacha fóin, rud a chiallaíonn costais laghdaithe do chustaiméirí a úsáideann fóin phóca.

Cé go bhfuil an tseirbhís 1890 ina sheirbhís ísealchostais do ghlaonna ó línte seasta, ní chaitheann oibritheoirí teileachumarsáide leis mar sheirbhís ísealchostais, ná mar chuid de 'phacáistí nóiméad cuachta' agus gearrann siad rátaí caighdeánacha orthu.

Tá athruithe curtha i bhfeidhm ag na Coimisinéirí loncaim a ligfidh dúinn seirbhís láidir iontaofa fóin a chur ar fáil atá cosúil leis an tseirbhís a chuireann an córas 1890 ar fáil. Toisc go n-úsáidtear uimhreacha caighdeánacha fóin leis an gcóras seo, beidh na glaonna bunaithe ar 'phacáiste cuachta' fóin an ghlaoteora féin.

Seirbhís Náisiúnta	Uimhir fóin	Taobh amuigh d'Éirinn
An Líne Chabhrach Náisiúnta d'Fhostóirí	(01) 738 36 38	+ 353 1 738 36 38
Fiosruithe ÍMAT ó fhostaithe nó pinsinéirí	(01) 738 36 36	+ 353 1 738 36 36

Féadtar teacht ar liosta iomlán de na huimhreacha nua fóin atá ag teacht in áit na n-uimhreacha 1890 sa rannán 'Déan teagmháil linn' ar ár suíomh idirlín.

## 13. An Líne Chabhrach Náisiúnta d'Fhostóirí

Cuireann an Líne Chabhrach Náisiúnta d'Fhostóirí eolas agus tacaíocht ar fáil d'fhostóirí Seo a leanas na sonraí teagmhála:

M'Fhiosruithe: Roghnaigh 'ÍMAT Fostóra' sa bhosca 'Baineann m'Fhiosrú le'.

## 14. Cabhair bhreise

Tá cabhair bhreise ar fáil ar ár suíomh idirlín i ndáil le

- ROS a úsáid - féach Seirbhísí ar Líne / Cabhair ROS,
- Nua-Aoisiú ÍMAT - féach Seirbhísí ar Líne / Forbróirí bogearraí / Léargas Ginearálta Teicniúil ar an Nua-Aoisiú ÍMAT.

Chomh maith leis sin, tá físeáin ann chun cabhrú le fostóirí agus le hoibritheoirí párolla eolas a chur ar na scáileáin agus áiseanna nua a forbraíodh mar chuid den Nua-Aoisiú ÍMAT. Tá na físeáin i measc na nasc ón leathanach seo a leanas: Daoine a fhostú / Nua-Aoisiú ÍMAT / Dualgais fostóirí ó 1 Eanáir 2019 ar aghaidh.

Maura Conneely  
An Rannán Pleanála  
Na Coimisinéirí loncaim